Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Lúnasa 2022**
**(OR. en)**

**11856/22**

**COH 74**
**SOC 467**
**PECHE 287**
**CADREFIN 132**
**JAI 1098**
**SAN 488**
**DELACT 134**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Lúnasa 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 5503 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 5.8.2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le costais aonaid a shainiú agus méideanna a bhunú le haghaidh maoiniú nach bhfuil nasctha le costais le haghaidh oibríochtaí áirithe lena n-éascaítear daoine óga a lánpháirtiú i margadh an tsaothair, san oideachas agus sa tsochaí faoi chuimsiú thionscnamh ALMA (Aim, Learn, Master, Achieve - Beartaigh, Foghlaim, Máistir, Gnóthaigh) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 5503 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 5503 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.8.2022
C(2022) 5503 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5.8.2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le costais aonaid a shainiú agus méideanna a bhunú le haghaidh maoiniú nach bhfuil nasctha le costais le haghaidh oibríochtaí áirithe lena n-éascaítear daoine óga a lánpháirtiú i margadh an tsaothair, san oideachas agus sa tsochaí faoi chuimsiú thionscnamh ALMA (Aim, Learn, Master, Achieve - Beartaigh, Foghlaim, Máistir, Gnóthaigh)**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá an simpliú in áit tosaíochta ar chlár oibre an Choimisiúin, le tacaíocht ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Is é is ciall dó cur chun feidhme cistí Rialachán na bhForálacha Coiteanna a dhéanamh níos simplí, níos sábháilte agus níos dírithe ar aschuir agus ar thorthaí.

Le hAirteagail 94(1) agus 95(1) de Rialachán (AE) 2021/1060[1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (Rialachán na bhForálacha Coiteanna — 'RFC'), ceadaítear don Choimisiún ranníocaíocht an Aontais a aisíoc le clár bunaithe ar chostais aonaid, ar chnapshuimeanna agus ar rátaí comhréidhe, chomh maith le maoiniú nach bhfuil nasctha le costais, arna sainiú leis an gcinneadh ón gCoimisiún lena bhformheastar an clár nó trí ghníomh tarmligthe. Leis na roghanna sin, leathnaítear simpliú bhainistíocht airgeadais na gcistí chuig an gcaidreamh idir an Coimisiún agus na Ballstáit. Tá na tairbhí breise seo a leanas ag baint leis freisin i gcomparáid leis na roghanna costas simplithe a leagtar amach i bpointí b) go e) Airteagal 53(1) RFC:

- Iniúchtaí agus fíoruithe bainistíochta an Choimisiúin agus na mBallstát, a n-aisíoctar caiteachas ina leith ar bhonn Airteagail 94 nó 95 de RFC amháin, beidh siad teoranta d'fhíorú a dhéanamh gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le haisíocaíocht a leagtar amach sa chinneadh ón gCoimisiún lena bhformheastar an clár nó sa ghníomh tarmligthe.
- Féadfaidh na Ballstáit aon chineál tacaíochta a úsáid chun tairbhithe a aisíoc, mar a leagtar amach sa dara fomhír d'Airteagal 94(3) de RFC agus sa chéad fhomhír d'Airteagal 95(3) de RFC. Na cleachtais chuntasaíochta a úsáideann na Ballstáit chun tairbhithe a aisíoc agus na méideanna a bheidh mar thoradh orthu, ní bheidh siad faoi réir fíoruithe bainistíochta ná iniúchta ag an údarás iniúchóireachta ná ag an gCoimisiún.

Dá bhrí sin, le húsáid costas aonaid, cnapshuimeanna, agus rátaí comhréidhe faoi Airteagal 94 de RFC agus le húsáid mhaoinithe nach bhfuil nasctha le costais faoi Airteagal 95 de RFC, tugtar deimhneacht dhlíthiúil do na Ballstáit agus do na tairbhithe. Ina theannta sin, laghdaíonn sé an t-ualach riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí a bhainistiú.

Chun na críche sin, le mír 4 d'Airteagal 94 de RFC, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena sainítear ar leibhéal an Aontais costais aonaid, cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe, a méideanna agus a modhanna coigeartaithe.

Ar an gcaoi chéanna, le mír 4 d'Airteagal 95 de RFC tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena mbunófar méideanna do scéimeanna faoi mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais ar leibhéal an Aontais, de réir an chineáil oibríochta, na modhanna chun na méideanna a choigeartú agus na coinníollacha atá le comhlíonadh nó na torthaí atá le baint amach.

Leagtar amach sa Rialachán Tarmligthe seo costais aonaid agus scéimeanna faoi mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais, do Bhallstáit uile an Aontais laistigh den Iarscríbhinn le

[1] IO L 231, 30.6.2021, lch. 159

haghaidh oibríochtaí faoi CSE+ lena dtacaítear le daoine óga faoi mhíbhuntáiste trí shocrúcháin obairbhunaithe thionlactha ar an gcoigríoch a chur ar fáil do na daoine óga sin d'fhonn a gcuimsiú san oideachas, i margadh an tsaothair agus sa tsochaí a chur chun cinn.

Tá an aisíocaíocht ar bhonn costais aonaid agus scéimeanna faoi mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais a leagtar amach sa rialachán seo gan dochar do chomhlíontacht dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme maidir lena chur chun feidhme, lena n-áirítear státchabhair agus rialacha um sholáthar poiblí.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le mír 4 den Chomhthuiscint ar na gníomhartha tarmligthe idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach, rinneadh comhairliúcháin iomchuí agus thrédhearcacha, lena n-áirítear ar an leibhéal saineolach, ar an ngníomh tarmligthe seo.

Bunaíodh ullmhúchán an ghnímh tharmligthe seo ar fhaisnéis ó staidéar a chomhlánaíonn measúnú tionchair CSE+ maidir le roghanna costas simplithe agus maoiniú nach bhfuil nasctha le costais i réimse an chuimsithe shóisialta agus na hóige[2]. Tá sainiú na gcostas aonaid agus a méideanna arna mbunú sa ghníomh tarmligthe seo bunaithe ar mhodhanna lena gcuirtear san áireamh sonraí maidir le costais stairiúla arna soláthar ag na Ballstáit agus eachtarshuíomh. Bunaíodh na méideanna a socraíodh le haghaidh aisíocaíochta ar bhonn maoiniú nach bhfuil nasctha le costais ar bhonn faisnéis oibiachtúil eile.

Bhí gach cuid den ghníomh tarmligthe faoi réir comhairliúcháin ó shaineolaithe ó gach Ballstát. Cuireadh an chéad leagan den ghníomh tarmligthe i láthair agus rinneadh idirphlé air le saineolaithe ó gach Ballstát an 3 Bealtaine 2022. Cuireadh Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi na comhairliúcháin.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Chun críoch aisíocaíochta ar chaiteachas ag an gCoimisiún leis na Ballstáit ar bhonn costais aonaid, cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe, agus maoiniú nach bhfuil nasctha le costais arna sainiú ag an gCoimisiún, le hAirteagail 94 agus 95 de Rialachán (AE) 2021/1060, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir le scálaí caighdeánacha costas aonaid, cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe, maoiniú nach bhfuil nasctha le costais, a méideanna agus na modhanna chun iad a choigeartú a shainiú ar leibhéal an Aontais.

---

2 https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=738&langId=en&pubId=8429&furtherPubs=yes

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5.8.2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le costais aonaid a shainiú agus méideanna a bhunú le haghaidh maoiniú nach bhfuil nasctha le costais le haghaidh oibríochtaí áirithe lena n-éascaítear daoine óga a lánpháirtiú i margadh an tsaothair, san oideachas agus sa tsochaí faoi chuimsiú thionscnamh ALMA (Aim, Learn, Master, Achieve - Beartaigh, Foghlaim, Máistir, Gnóthaigh)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí[3], agus go háirithe Airteagal 94(4) agus 95(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D'fhonn úsáid CSE+ a shimpliú agus an t-ualach riaracháin ar thairbhithe a laghdú, is iomchuí costais aonaid áirithe a shainiú agus méideanna a bhunú le haghaidh maoiniú nach bhfuil nasctha le costais atá ar fáil chun ranníocaíocht an Aontais le cláir a aisíoc.

(2) Ba cheart na costais aonaid atá le haisíoc leis na Ballstáit a bhunú ar bhonn modh ríofa atá cóir, cothromasach agus infhíoraithe atá bunaithe ar shonraí stairiúla nó staidrimh, dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) den dara fomhír d'Airteagal 94(2) de Rialachán (AE) 2021/1060.

(3) Agus na méideanna á socrú le haghaidh maoiniú nach bhfuil nasctha le costais ar leibhéal an Aontais, ba cheart a áirithiú go n-urramófar prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais, go háirithe go bhfuil na hacmhainní a úsáidfear leordhóthanach le haghaidh na n-infheistíochtaí atá á ndéanamh, chomh maith leis an toirmeasc ar chistiú dúbailte.

(4) Agus na gealltanais, a tugadh faoi Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta chun dul i ngleic le héagothromaíochtaí agus chun comhdheiseanna a chruthú, á n-athdhearbhú, is iomchuí dreasachtaí a éascú agus a chruthú chun oibríochtaí, lena dtugtar tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht agus don oideachas do dhaoine óga atá faoi mhíbhuntáiste, a chur chun feidhme.

(5) Faoi chuimsiú chur chun feidhme na Ráthaíochta don Aos Óg atreisithe, mar aon le tionscnamh Bhliain na hÓige 2022, agus ag féachaint do Mholadh (AE) 2021/402 ón gCoimisiún maidir le tacaíocht ghníomhach éifeachtach don fhostaíocht tar éis ghéarchéim COVID-19, sheol an Coimisiún tionscnamh ALMA (Aim, Learn, Master,

[3] IO L 231, 30.6.2021, lch 159

Achieve - Aimsigh, Foghlaim, Máistir, Gnóthaigh)[4], arb é is aidhm dó lánpháirtiú daoine óga i margadh an tsaothair, san oideachas agus sa tsochaí a chothú.

(6) Is iomchuí costais aonaid a shainiú agus méideanna a bhunú le haghaidh maoiniú nach bhfuil nasctha le costais le haghaidh cláir nó tosaíochtaí a thacaíonn le ALMA. Ba cheart é a bheith indéanta na costais aonaid sin agus na méideanna sin le haghaidh maoiniú nach bhfuil nasctha le costais a úsáid le haghaidh oibríochtaí a thacaíonn le daoine óga faoi mhíbhuntáiste a lánpháirtiú i margadh an tsaothair, san oideachas agus sa tsochaí.

(7) Ba cheart a áireamh ar na hoibríochtaí sin céim ullmhúcháin shaincheaptha i mBallstát baile an rannpháirtí, tréimhse thionlactha ar an gcoigríoch le socrúchán i bhfiontar nó in institiúid i mBallstát eile, agus tacaíocht leanúnach ar fhilleadh dóibh.

(8) Tá difríochtaí suntasacha idir na Ballstáit maidir le leibhéal na gcostas don chineál sin oibríochta. I gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais, ba cheart leis na méideanna arna mbunú ag an gCoimisiún go léireofaí sainiúlachtaí gach Ballstáit.

(9) Ina theannta sin, d’fhonn dreasacht a chruthú do na Ballstáit chun tacú le gníomhaíochtaí le haghaidh na ndaoine óga sin atá faoi mhíbhuntáiste in aon Bhallstát eile, lena n-áirítear iad siúd ina bhfuil na costais mhaireachtála níos airde, is iomchuí breisiú a shainiú a bheidh le híoc le cláir ar feadh na tréimhse lonnaithe i mBallstát eile chun leibhéal níos airde costas a thabhaítear i roinnt Ballstát a léiriú.

(10) Is iomchuí freisin breisiú breise a bhunú chun na Ballstáit a spreagadh chun foráil a dhéanamh maidir le liúntais do rannpháirtithe i gcás inar gá sin chun caighdeán sásúil maireachtála a áirithiú do na daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste sna Ballstáit sin. D’fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás nach bhfuil an rannpháirtí i dteideal sochair slándála sóisialta ina Bhallstát baile. Ba cheart gur faoin údarás bainistíochta a bheadh sé measúnú a dhéanamh ar riachtanas den sórt sin agus cinneadh a dhéanamh an bhfuil liúntas den sórt sin le deonú ar rannpháirtithe.

(11) Ina theannta sin, tá údar maith le sainiú a dhéanamh ar bhreisiú a chuirfí i bhfeidhm le haghaidh rannpháirtíocht rathúil. D’íocfaí an méid sin leis na Ballstáit mar chúiteamh ar a n-iarrachtaí breise.

(12) Chun a áirithiú go bhfanfaidh na costais aonaid ina n-athróga ionadacha iomchuí maidir le costais iarbhír a thabhaítear agus go leanfaidh na méideanna le haghaidh maoiniú nach bhfuil nasctha le costais de bheith leordhóthanach don infheistíocht atá á déanamh le linn na clárthréimhse, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le modh coigeartaithe iomchuí.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn na coinníollacha maidir le haisíoc ranníocaíocht an Aontais le hoibríochtaí CSE+ ar bhonn costais aonaid agus maoiniú nach bhfuil nasctha le costais, lena n-áirítear na cineálacha oibríochtaí a chumhdaítear agus na torthaí atá le baint amach nó na coinníollacha atá le comhlíonadh, méid na haisíocaíochta sin agus an modh chun an méid sin a choigeartú.

[4] https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=1549&langId=ga

*Airteagal 2*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5.8.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*